RIALÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ IASCAIGH

Tá sé mar aidhm le rialú agus forfheidhmiú iascaigh cur i bhfeidhm ceart rialacháin maidir le hiascaigh a áirithiú agus, i gcás inar gá, comhlíonadh na rialacha sin a fhorfheidhmiú. I dtaca leis sin, tá inniúlachtaí agus freagrachtaí roinnte ar na Ballstáit, ar an gCoimisún agus ar na hoibreoirí. Na Ballstáit nach gcomhlíonann na rialacha sin, is féidir imeachtaí um shárú a thionscnamh ina n-aghaidh.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 38 go Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006. Tá an Rialachán leasaithe i bpáirt le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartais Iascaigh agus le Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin thuasluaite ón gComhairle, arna leasú i bpáirt le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1962 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2015.

Rialachán (AE) 2016/1626 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 lena mbunaítear Gníomhaireacht Chomhphobail um Rialú ar Iascach.

CUSPÓIRÍ

Tá sé mar aidhm leis an mbeartas rialaithe an méid seo a leanas a áirithiú:

— nach ndéanfar ach cainníochtaí údaraithe na n-iasc a ghabháil, agus go mbaileofar sonraí i dtaobh iascaigh a bhainistiú;

— forghníomhú tráthúil róil faoi seach na mBallstát agus an Choimisiúin;

— na rialacha a chur i bhfeidhm maidir le gach iascach, agus smachtbhannaí comhchuibhithe a bheith i bhfeidhm ar fud AE;

— inrianaitheacht feadh an tslabhra soláthair, ‘ón eangach go dtí an pláta’.

Tagann glacadh na mbeart faoi inniúlacht an Aontais, agus tá Ballstáit aonair freagrach as na bearta a chur chun feidhme agus as smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcásanna ina ndéantar sáruithe i limistéir gheografacha a thagann faoina ndlínse.

A BHFUIL BAINTE AMACH

Leagadh síos an córas reatha sa Rialachán maidir le Rialú, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2010, lena ndearnadh nuachóiriú ó thalamh ar chur chuige AE i leith an rialaithe ar iascaigh. Uime sin go háirithe, tá an córas i gcomhréir leis na bearta dochta a ghlac AE in 2008 chun iascaireacht neamhdhleathach a chomhrac. Tháinig de na hathchóirithe comhleanúnacha ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI) (ó Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 go Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013) freisin go ndearnadh athruithe nua a raibh sé mar aidhm leo easnaimh a bhí ann le fada a shárú. Ar na bearta atá glactha le himeacht aimsire, tá:

a. comhar níos dlúithe i ndáil le forfheidhmiú agus cruthú Struchtúir Cigireachta Comhpháirtí (JIS), trína n-áirithítear comhthiomsú acmhainní cigireachta agus faireacháin de chuid an Aontais agus na mBallstát tríd an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA, féach thíos)

b. soiléiriú a thabhairt, de réir a chéile, ar inniúlachtaí na ngníomhaithe in earnáil an iascaigh

— Tá na Ballstáit freagrach as cur chun feidhme rialacha CBI ar a gcríoch féin agus ina gcuid uiscí, agus freisin as na soithí a bhfuil a mbratacha ar foluain orthu nach bhfuil sna huiscí sin.

— Ní mór don Choimisiún a áirithiú go gcomhlíonann na Ballstáit a n-oibleagáidí go cothrom ó thaobh cothromais agus éifeachtachta de. Tarraingíonn sé suas, go tráthrialta, tuarascáil mheastóireachta don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir lena ghníomhaíocht i dtaobh chur i bhfeidhm rialacha CBI ag na Ballstáit.

— Na gníomhaithe atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí iascaigh uile, ó ghabháil go margú, iompar agus próiseáil, ní mór dóibh sonraíochtaí an dlí baile a chomhlíonadh ag gach céim den táirgeadh.

c. Comhlíontacht níos fearr leis na rialacha agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe na rialacha.

De bhrí go bhfuil éagsúlacht sna smachtbhannaí laistigh de na Ballstáit, agus srian dá réir ar ghnóthú aonfhoirmeach leibhéil choitinn comhlíontachta, déanann an Coimisiún Scórchlár Comhlíontachta CBI a thiomsú chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht trí fheasacht an phobail a mhúscailt ar a fheabhas is atá na Ballstáit ag feidhmiú ina ngníomhaíochtaí rialaithe agus forfheidhmithe.

Tá liosta de sháruithe tromchúiseacha tagtha chun cinn mar fhorais do smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a bheith sa reachtaíocht náisiúnta: ó bhí 2012 ann, tá sé de cheangal ar na Ballstáit córas pointí a thabhairt

isteach i gcás sáruithe tromchúiseacha ar cheadúnais atá nasctha le soithí sonracha, agus beidh sé sin le síneadh chuig máistrí soithí.

d. Feasta, déantar seiceálacha ag gach pointe sa slabhra

Ní ceadmhach do shoithí iascaireachta an calafort a fhágáil d'uireasa ceadúnais iascaireachta. I gcás gach lastais éisc, ní mór faisnéis a sholáthar lena gcruthaítear gur gabhadh na héisc go dleathach. Tá feidhm ag an gcóras sin maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile in uiscí AE, le soithí iascaireachta uile AE agus le náisiúnaigh uile AE, cibé áit a mbíonn siad ag iascaireacht. Tá feidhm aige freisin maidir le hiascaireacht áineasa i gcás stoic éisc íogaire agus i gcás dobharshaothraithe, sa mhéid go gcumhdaítear iad sin le rialacha ar leibhéal AE — mar shampla, maidir le hiascaireacht eascann nó le hiascaigh áineasa áirithe dontuinnín gorm.

e. Beagán ar bheagán, tá teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chuirtear i bhfeidhm maidir le faireachán agus rialú, agus cigireachtaí traidisiúnta á gcur le chéile.

Feasta, áirítear orthu sin an córas tuairiscithe leictreonach (ERS nó 'ríomh-logleabhar') a úsáidtear chun sonraí maidir le gabhálacha, tabhairt i dtír, díolacháin etc. a thaifeadadh, agus chun na sonraí sin a thuairisciú laistigh de na Ballstáit.

Tá na Ballstáit sainordaithe chun sonraí i dtaca le hoibríochtaí iascaireachta (logleabhar iascaireachta,dearbhú trasloingsithe, dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír etc.) a mhalartú. Nuair a dhéanann soitheach de chuid Ballstáit oibríochtaí iascaireachta in uiscí Ballstáit eile, go háirithe, ní mór do stát brataí an tsoithigh, arna iarraidh sin, na sonraí éigeantacha a chur ar aghaidh chuig an mBallstát sin. Ní mór an fhaisnéis sin a thaifeadadh, a stóráil go sábháilte agus a chur ar fáil do na Ballstáit uile. Ina theannta sin, tá an fhormáid ina ndéantar sonraí a mhalartú agus a tharchur bunaithe ar chaighdeán P1000 Lárionad na Náisiún Aontaithe um Éascú Trádála agus Gnó Leictreonach (NA/CEFACT).

Is ionann an córas um fhaireachán soithí agus córas atá bunaithe ar shatailítí trína soláthraítear sonraí go tráthrialta maidir le suíomh, cúrsa agus luas soithí (tá an dá chóras éigeantach feasta i gcás soithí ar mó ná 12 m a bhfad iomlán). Tá sé d'oibleagáid ar shoithí neamh-AE den aon mhéid gaireas oibríochtúil rianaithe satailíte a bheith suiteáilte ar bord na soithí pé uair a bhíonn siad in uiscí AE. Is ionann an Córas Aitheantais Uathoibríoch agus córas uathrialaitheach agus leanúnach um aitheantas agus um fhaireachán soithí a úsáidtear i gcomhair sábháilteacht agus slándáil mhuirí, agus atá á leathnú de réir a chéile chuig gach soitheach san Aontas ar mó ná 15 m a fhad iomlán.

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH UM RIALÚ AR IASCACH

Cuireadh an Ghníomhaireacht sin ar bun in 2005 mar ghné lárnach chun comhlíonadh rialacha CBI a fheabhsú. Tá feabhas curtha aici ar an bhforfheidhmiú aonfhoirmeach agus éifeachtach trí acmhainní an Aontais agus na mBallstát a chomhthiomsú i dtaca le rialú, cigireacht agus faireachán gníomhaíochtaí iascaireachta agus a gcomhordú (trí bhíthin Pleananna Imlonnaithe Comhpháirteacha mar an phríomhionstraim aici). Tá soithí sprice ar mó ná 12 m a bhfad iomlán faoi rialú na Gníomhaireachta[1]. An

[1]IO L 343, 22.12.2009, lch. 9.

comhordú oibríochtúil sin, mar phríomhchúram na Gníomhaireachta, tá sé ag cabhrú chun dul i ngleic leis na heasnaimh san fhorfheidhmiú a d'eascair ó na héagsúlachtaí in acmhainní agus tosaíochtaí na gcóras rialúcháin sna Ballstáit.

Le glacadh Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sannadh cumhachtaí nua don Ghníomhaireacht chun a héifeachtacht a fheabhsú. Déantar a hoibríochtaí a chistiú le trí cinn d'fhoinsí: buiséad AE, íocaíocht as seirbhísí a sholáthraítear do na Ballstáit, agus ioncam ó fhoilseacháin, oiliúint agus seirbhísí eile a sholáthraíonn sí.

Roimh sheoladh an CBI nua-athchóirithe in 2014, tá EFCA ag díriú ar fhorbairtí nua chun cultúr comhlíontachta agus cothrom iomaíochta a fheabhsú ar fud earnáil an iascaigh. Ar na huirlisí sonracha lena bhféadfar dlús a chur leis an gcuspóir sin, áirítear:

— Pleananna imlonnaithe comhpháirteacha réigiúnacha: an bealach trína n-eagraíonn an Ghníomhaireacht imlonnú modhanna náisiúnta rialaithe agus cigireachta daonna agus ábhartha arna gcomhthiomsú ag na Ballstáit. Le Pleananna Imlonnaithe Comhpháirteacha, déantar úsáid chostéifeachtach acmhainní daonna agus ábhartha a chur chun cinn ar bhealach comhordaithe, agus tá an Ghníomhaireacht tosaithe ar Phleananna Imlonnaithe Comhpháirteacha a leathnú go gcumhdófaí pleananna imlonnaithe comhpháirteacha réigiúnacha agus ilspeiceas (An Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC), Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) agus speiceas peiligeach in uiscí an Iarthair). Tá EFCA ag brath ar leathnú a dhéanamh go luath amach anseo go gcumhdófaí iascaigh réigiúnacha, ilspeiceas agus bhuana.

— Straitéisí rialaithe um chosc ar ábhar muirí aischurtha: lena gcur chun feidhme, más féidir, trí na pleananna imlonnaithe comhpháirteacha réigiúnacha, lena gcumasófar cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar leibhéal an ghrúpa stiúrtha, trína gcabhróidh EFCA leo faireachán a dhéanamh orthu ar bhealach éifeachtach. Ag brath ar shaintréithe an iascaigh, déanfar modhanna éagsúla a chur i bhfeidhm agus déanfar uirlisí a bheidh ar fáil a úsáid agus a thástáil. Tá sé bunriachtanach go mbeadh sé sin ag gabháil leis an CBI nua.

— Fócasghrúpaí maidir le meastóireacht ar chostéifeachtacht agus ar chomhlíontacht: dhá fhócasghrúpa a chur ar bun chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíontacht agus ar an gcostéifeachtacht in oibríochtaí rialaithe.

— Croíchuraclam: den chéad uair riamh, beidh croíchuraclam d'oiliúint cigireachtaí iascaigh na mBallstát ina rannchuidiú le CBI a chur i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach.

— Córais TFC na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach: a cheaptar chun straitéisí náisiúnta aonair a chomhlánú. Córais uathúla iad sin arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht agus arna gcur ar fáil do na Ballstáit chun tacú leis an rialú ar CBI ar leibhéal AE. Leis na huirlisí leictreonacha sin, ceadaítear malartú fíor-ama leanúnach sonraí agus faisnéise a dhéanamh, agus cuirtear srian dá réir ar na féidearthachtaí go ndéanfaí faisnéis a chúbláil agus cabhraítear chun teorainn a chur le hiompraíocht neamhchomhlíontach.

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2016 i leith, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, ina chuid de mhisean EFCA freisin tá comhar leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, faoina sainordú faoi seach, agus é mar aidhm leis sin méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht feidhmeanna garda cósta[2]. Tríd an socrú comhair sin, tacaítear le húdaráis náisiúnta a sholáthraíonn comhsheirbhísí faisnéise, faireachais agus oiliúna, agus a dhéanann oibríochtaí ilchuspóireacha a bheartú agus a chur chun feidhme i réimse an fhaireachais mhuirí.

Uime sin, féachann an Garda Teorann agus Cósta Eorpach lena áirithiú, as measc na ndualgas eile atá air, go mbailítear agus go roinntear faisnéis a bhaineann leis an rialú ar iascach, go mbraitear truailliú agus go gcomhlíontar rialacháin mhuirí.

Déanann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí Seirbhísí Muirí Comhtháite, atá bunaithe ar chórais tuairiscithe long (e.g. an Córas um Fhaireachán Soithí (VMS)) agus ar uirlisí faireachais eile, a sholáthar don Gharda Teorann agus Cósta Eorpach agus do EFCA. Áirítear ar na seirbhísí faisnéise sin soithí a bhrath, a shainaithint agus a rianú, pointí imeachta a fhaire agus aimhrialtachtaí a bhrath, lena n-éascaítear freisin sainaithint na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

I mí an Mheithimh 2016, glacadh céim thábhachtach ionsar iascaireacht NNN a chomhrac le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe ar Bhearta Stát an Chalafoirt, a bhí faoi stiúir Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe ó bhí 2009 ann agus a shínigh breis is 30 náisiún, lena n-áirítear AE thar ceann a 28 mBallstát. Is é Comhaontú PSM an chéad chonradh idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí lena ndírítear go sonrach ar an iascaireacht aindleathach, lena mbunaítear ceanglais agus idirghabhálacha arna ngabháil de láimh ag Stáit chalafoirt, nach mór do shoitheach iascaireachta coigríoch iad a chomhlíonadh nó a gcuirtear faoina réir é mar choinníoll chun calafoirt a úsáid laistigh den Stát calafoirt. Áirítear orthu sin réamhfhógra a thabhairt i dtaobh dhul isteach i gcalafort, úsáid calafort ainmnithe, srianta ar dhul isteach i gcalafort agus ar éisc a thabhairt i dtír, ceanglais maidir le doiciméadacht agus cigireachtaí calafort, mar aon le bearta gaolmhara amhail liostú soithí NNN, bearta a bhaineann le trádáil agus smachtbhannaí.

CUR CHUN FEIDHME NA HOIBLEAGÁIDE NUA GABHÁLACHA A THABHAIRT I DTÍR

Ó bhí 2014 ann, áirítear faoi CBI an oibleagáid gach gabháil a thabhairt i dtír, agus cuirfear deireadh dá réir leis an gcleachtas diomailteach éisc indíolta a scaoileadh ar ais san fharraige; tosófar air sin a dhéanamh, de réir a chéile, ó 2015 ar aghaidh. Leis an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, rialaítear roinnt

[2]Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar fheidhmeanna garda cósta: sábháilteacht mhuirí, slándáil, cuardach agus tarrtháil, rialú teorann, rialú ar iascach, forfheidhmiú ginearálta dlí agus cosaint an chomhshaoil.

bearta teicniúla caomhnaithe (cén chaoi agus cá háit a bhféadfaidh iascairí iascaireacht a dhéanamh, mionsonraí maidir leis na cineálacha trealaimh iascaireachta arna úsáid, limistéir choiscthe agus bearta eile chun an mhuirthimpeallacht a chosaint). Leis an Rialachán reatha maidir le Rialú, cuirtear san áireamh an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, lena n-áirítear na forálacha lena rialaítear tuairisciú agus stóráil gabhálacha, mar aon le bunú rialacha maidir le húsáid córas cianfhaireacháin leictreonach agus le breathnóirí a bheith ar bord chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint ina comhreachtóir laistigh den ghnáthnós imeachta reachtach ó glacadh Conradh Liospóin, agus bhí ról lárnach aici sa sainmhíniú ar CBI agus ar a Rialachán maidir le Rialú.

Déanann a Coiste um Iascach grinnscrúdú ar bhearta rialaithe agus forfheidhmithe an bheartais, ar an ábhar nach mór do chur chun feidhme éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach na rialacha a bheith ar cheann de cholúin bhunúsacha CBI; tá urraim do na rialacha agus cur chuige comhtháite i leith rialaithe ar an mbealach is fearr chun leasanna earnáil an iascaigh a chosaint san fhadtéarma. I dtaca leis sin, ag aithint di gur ann d'éagsúlachtaí suntasacha i gcur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Rialú sna Ballstáit, an 25 Deireadh Fómhair 2016, ghlac an Pharlaimint rún maidir le conas rialuithe iascaigh san Eoraip a dhéanamh aonfhoirmeach. I measc na moltaí chun comhlíonadh rialachán iascaigh agus aonfhoirmeacht cleachtas rialaithe a áirithiú, tá: comhar idir na Ballstáit a fheabhsú trí mhalartuithe cigirí, modhanna rialaithe agus sonraí; sainordú EFCA agus na hacmhainní atá ar fáil di a neartú; curaclam aonfhoirmeach a chur chun feidhme le haghaidh oiliúint cigirí iascach; nósanna imeachta rialaithe agus smachtbhannaí a chaighdeánú san Aontas; agus sásraí a bhunú chun béim a leagan ar dhea-chleachtais sa chaoi go méadófar an comhlíonadh. An 30 Bealtaine 2018, ghlac an Pharlaimint rún maidir le cur chun feidhme beart rialaithe lena mbunaítear comhréireacht táirgí iascaigh le critéir rochtana ar mhargadh AE.

Déanann an Pharlaimint athbhreithniú freisin ar thuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach agus déanann sé úrscaoileadh a buiséid a fhormheas.

Taighde do Choiste PECH:

— Social and Economic Impact of the Penalty Point System (2016);

— The CFP – Infringement Procedures and Imposed Sanctions throughout the EU (2014);

— Illegal, Unreported and Unregulated Fishing: Sanctions in the EU.

Priit Ojamaa / Marcus Ernst Gerhard Breuer
05/2020